AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2021
COM(2021) 320 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Túinéis doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Uimh. xx/2021 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA TÚINÉISE

an [ll/mm/bbb]

lena dtagtar ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise

COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA TÚINÉISE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Túinéis, den pháirt eile ('an Comhaontú Eora-Mheánmhara'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, síníodh é an 17 Iúil 1995 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 1998[1].

(2) De bhun Airteagal 80 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Soláthraítear le hAirteagal 90 den Chomhaontú go bhfuil na Páirtithe leis na bearta ginearálta nó sonracha is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus go bhfuil siad le féachaint chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Le Cinneadh Uimh. 1/2018 ón gComhairle Comhlachais an 9 Samhain 2018, tháinig an tAontas Eorpach agus an Túinéis ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Straitéiseacha chun an chomhpháirtíocht a threorú le haghaidh na tréimhse 2018-2020[2].

(5) Trí mhalartú litreacha, tháinig an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le bailíocht leanúnach Thosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise mar dhoiciméad treorach chun an chomhpháirtíocht a chomhdhlúthú go dtí go nglacfar doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

(6) Le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais, foráiltear maidir leis an bhféidearthacht cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh;

---

1 CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN an 26 Eanáir 1998 maidir le tabhairt i gcrích Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile; IO L 97; an 30 Márta 1998.

2 Cinneadh Uimh. 1/2018 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise an 9 Samhain 2018 lena nglactar Tosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise le haghaidh na tréimhse 2018-2020; IO L 293/39; 20.11.2018;

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cinneann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí nós imeachta i scríbhinn, go gcuirtear síneadh le Tosaíochtaí Straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus na Túinéise atá i gceangal le Cinneadh Uimh. 01/2018 dá cuid an 9 Samhain 2018, go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Túinéis doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, [lá mí bliain].

Thar ceann na Comhairle Comhlachais